5. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1 nó Ceist 2, an gcuirtear cosc le hAirteagal 185(1) de Threoir 2006/112/CE ar reachtaíocht náisiúnta, amhail Airteagal 79(3) de ZDDS sa leagan a bhí infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2016, nó Airteagal 79(1) de ZDDS sa leagan a bhí infheidhme go dtí an 1 Eanáir 2017, lena gceanglaítear an asbhaint a choigeartú sa chás go ndéantar earraí a dhíscríobh, fiú má dhíoltar na hearraí ina dhiaidh sin mar sholáthar inchánach earraí de réir bhrí Iarscríbhinn 2 nó má dhéantar iad a scriosadh nó a dhiúscairt agus go bhfuil an fíoras sin cruthaithe nó deimhnithe mar is cuí?

(1) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Amtsgerichts Frankfurt am Main (an Ghearmáin) arna taisceadh an 25 Feabhra 2022 – flightright GmbH v Swiss International Air Lines AG

**(Cás C-131/22)**

(2022/C 191/25)

*Teanga an cháis: An Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Amtsgericht Frankfurt am Main

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir*: flightright GmbH

*Cosantóir*: Swiss International Air Lines AG

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An imthosca urghnácha, de réir bhrí Airteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 [1], iad dálaí aimsire atá neamh-chomhoiriúnach le heitilt a oibriú, beag beann ar a gcineál sonrach?

2. Má thugtar freagra diúltach ar Cheist 1, an féidir cineál eisceachtúil na ndálaí aimsire a chinneadh de réir a minicíochta réigiúnaí agus séasúraí san áit agus ag an tráth a thagann siad chun cinn?

3. An imthosca urghnácha iad de réir bhrí Airteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 go bhfuil cinneadh maidir le bainistíocht aerthráchta maidir le heitilt shonrach i gcomhair lá sonrach ina chúis le moill fhada, moill thar oíche, nó cealú eitilte amháin nó níos mó ar an eitleán sin, beag beann ar an bhforas leis an gcinneadh sin?

4. Má thugtar freagra diúltach ar Cheist 3, an gcaithfidh an foras leis an gcinneadh féin a bheith urghnách, sa chaoi nach mbeifí ag súil leis?

(1) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Éire) a taisceadh an 2 Márta 2022 – Imeachtaí Coiriúla i gcoinne OM

**(Cás C-142/22)**

(2022/C 191/26)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### An chúirt a rinne an tarchur

Cúirt Uachtarach

### Imeachtaí Coiriúla i gcoinne

OM